Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2015

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Léann Clasaiceach

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Réamhrá**
Is fadréimseach agus is ilchineálach é an cúrsa Ardteistiméireachta sa Léann Clasaiceach. Déantar staidéar sa chúrsa ar an stair, ar an staireolaíocht, ar an bhfealsúnacht, ar an litríocht i seánraí éagsúla (lena n-áirítear drámaíocht, filíocht eipiciúil agus filíocht liriciúil), mar aon le healaín agus an ailtireacht. Léiríonn na ceisteanna ar an scrúdpháipéar an éagsúlacht seo i dtaca le cineálacha cur chuige agus scileanna. Dá bhrí sin, cuirtear an scéim mharcála in oiriúint don idirdhealú seo idir na topaicí aonair agus na ceisteanna. Maidir le ceisteanna dioscúrsacha, bíonn scrúdaitheoirí sa tóir ar phointí atá forbartha i bhfreagraí na n-iarrthóirí. Ní mór do na pointí seo a bheith indibhidiúil agus cuimsitheach.

Go ginearálta, seo a leanas is brí le pointe cuimsitheach a ndéantar forbairt mhaith air:

- tugtar aird chuí ar na focail ordaithe sa cheist, e.g. déan trácht ar, déan cur síos ar, déan anailís ar, déan plé ar, déan measúnú ar, tabhair tuairim, etc.
- tugtar aghaidh ar an gceist go díreach
- bunaítear nasc soiléir idir an cheist a chuirtear agus an t-ábhar dualgais
- léirítear an argóint nó an fhaisnéis go soiléir
- comhlíontar an méid thuas de réir fad sásúil. Braitheann an fad seo ar chomhthéacs na ceiste
  ach bheadh alt sách mór i gceist go hiondúil.

Faoi mar a luaitear thuas, teastaíonn éagsúlacht sa chineál ceiste a chuirtear agus sa scéim mharcála mar gheall ar an éagsúlacht atá ina dlúthchuid den siollabas. Is follasach an méid seo, go háirithe sna ceisteanna faoi 'Ealaín agus Ailtireacht' (Topaic 8 agus 10), áit a bhféadfadh gur leor focal amháin nó pointe gearr corruair chun marcanna iomlána a fháil. Sna topaicí seo, táthar ag súil le téarmaí teicniúla cearta chun marcanna iomlána nó chun marcanna arda a fháil.

Leagtar leithdháileadh na marcanna as gach ceist agus focheist amach sa scéim mharcála thíos.

Tá na critéir maidir le ceisteanna dioscúrsacha a mheas áit a bhfuil tríocha marc, nó níos mó, á dtabhairt as freagra iomlánaíoch le feiceáil in Aguisín 1.

Beidh intinn oscailte ag na scrúdaitheoirí le linn dóibh obair na n-iarrthóirí a mharcáil agus tuiscint acu ar an gcás go bhféadfadh iarrthóir ábhar, argóint nó tuairimí a thabhairt nach bhfuil sa scéim mharcála ach atá bailí mar sin féin. Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas: Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh marcanna athrú ó bhliain go bliain.

Bainfidh na scrúdaitheoirí úsáid as raon iomlán na marcanna atá ar fáil le haghaidh gach ceiste nó focheiste.

## Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta.

(i) (a) Tharla Cath Mantinea i 418-417 Rh.C. Rinne na Spartaigh agus a gcomhghuaillithe ionradh ar chríoch Mantinea agus scrios siad an áit. Bhí na fir á dtabhairt chun catha ag Agis nuair a ghríosaigh seanfhear é chun filleadh ar ais, go raibh an namhad i suíomh rómhaith. Chinn sé ansin iarraidh a dhéanamh abhainn a mbíodh tuile inti de ghnáth a atreorú i dtreo Matinea chun na hAirgívigh a chur amach as a suíomh ard. Chuaigh na hAirgívigh, a raibh iontas orthu faoi athrú intinne na Spartach, síos go dtí an mhachaire. Thángthas aniar aduaidh ar na Spartaigh agus ní raibh acu ach tamall gairid le hullmhú. Labhair na ginearáil lena n-airm: Cuireadh i gcuimhne d'arm Mantinea go raibh siad ag troid ar son a dtíre, do chumhacht nó do sclábhaíocht. Insíodh do na hAithnigh cé chomh hiontach a bheadh sé lámh an uachtar a fháil ar an Spartaigh i ndúiche Pheilipinéiseach. Scairt na Spartaigh amach ar a chéile agus cheoil siad, ag tuiscint gur fiú smacht fada sa ghníomh níos mó ná focail ar bith. Bhrostaigh an hAithnigh i mbun gnímh, bhog na Spartaigh go mall de réir a seinnteoirí fliúite chun go bhfanfadh siad in eagar. Chonaic Agis go raibh a líne ag síneadh barraíocht ar dheis i ngeall go raibh gach fearr ag iarraidh é féin a chosaint ar chúl sciath an fhir ar a thaobh deas, mar sin thug sé ordú don Scriritae ar an sciathán clé bogadh ar chlé agus do dhá aonad eile na bearnaí sa líne a osclódh a líonadh. Dhiúltaigh beirt cheannasaithe é sin a dhéanamh agus d'oscail an bhearna ach throid na Spartaigh go cróga in áiteanna eile, ag tabhairt ar an namhaid teitheadh. Bhí cliathán na hAithneach scoite anois ach d'éirigh leis an gcuid ba mhó díobh éalú. Mar ba dhual do na Spartaigh, ní dheachaigh siad ar tóir an namhad lena marú, ach d'fhán siad ansin. Chaill siad thart ar 300 fear, chaill an namhaid thart ar 1100 fear.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (14, 13, 13)(40 marc)**

(b) Ba é an chúis a raibh sé sin chomh tábhachtach sin don Rí Agis ná go raibh na Spartaigh steall ar mire leis toisc gur theip air Argos a ghabháil le fórsa láidir comhghuaillithe agus toisc gur lig siad don namhaid Orochomenus a ghabháil. Bhí siad ar tí a theach a dhó go talamh agus fíneáil 10,000 drachma a ghearradh air. Ach chuir sí ina luí orthu go ndéanfadh sé leorghníomh dá bhotúin agus rinne sé é sin trí rath a bhaint amach ag Mantinea.

**Cúis amháin le míniúchán. (10 marc)**

(ii) (a) Deir Thucidydes go raibh an Phlá ní ba nimhní san Aithin ná in aon áit eile; nach raibh na dochtúirí in ann déileáil leis an líon daoine breoite agus go raibh na rátaí báis ab airde acu; bhí aineolas iomlán ar an gcaoi le déileáil leis an tinneas. I dtosach, bhain daoine triail as íobairtí, oracail, etc. Ach níor lean siad leis, bhí an fhulaingt rómhór nuair nár éirigh leis na deasghnátha. Ar dtús, mheas siad gur chuir muintir Sparta nimh ina dtaiscumair. Go tobann, fuair daoine a bhí i mbarr a sláinte mothú dó ina gcloigne; d'iompaigh a súile dearg; bhí siad ag cur fola óna scornach agus óna dteanga, bréan-anáil, piachán agus sraothartach, pian cliabhraigh agus urlacan, pian agus freangaí, craiceann dearg le hothrais, mothú dó chomh mór go raibh daoine ag iarraidh iad féin a thumadh in uisce, tart nach rabhthas ábalta a chosc, easuan agus corrthónacht. Cailleadh iad de ghnáth ar an 7ú nó 8ú lá, ach murach sin, fuair siad buinneach uafásach, daille uaireanta, caillteanas géag, caillteanas cuimhne. Luigh na mairbh gan adhlactha (ní dheachaigh na héin, a d'imigh gan tásc na tuairisc de réir a chéile, i ngar dóibh). D'imigh breoiteachtaí eile. Buaileadh daoine láidre agus laga ar an gcaoi chéanna.

Ba é an ghné ba mheasa de a bheith gan mhisneach agus éadóchas na ndaoine a bhí ag fulaingt "ag fáil bháis cosúil le caoirigh". Go minic cailleadh daoine agus iad leo féin. Cailleadh na daoine sin a rinne iarracht an rud ceart a dhéanamh.

Ní dhearnadh caointeoireacht ar son na marbh fiú. Níor tholg na daoine a mhair an galar arís, nó má tholg, ní raibh sé marfach. Mhothaigh siad neamhbhásmhar. Bhí an tionchar ba

mheasa orthu siúd a d'fhág an tuath le dul chuig an gcathair. Bhásaigh siad "cosúil le cuileanna". Thosaigh coirp ag carnadh, bhí daoine i mbéal an bháis ag siúl timpeall ar leathchos.

**Trí shampla dá bhfulaingt. (9,8,8) (25 marc)**

(b) Ní raibh onóir ná cuibheas ná eagla ar bith roimh na déithe. Ní raibh d'onóir ann ach "pléisiúr an ama". Chaith daoine coirp ar bhreochairn corp eile. Mar cailleadh an mhaith agus an t-olc araon. Thit an córas ceartais as a chéile (bhí cúis bháis in aghaidh gach duine). Tháinig lagmhisneach ar na hAithnigh agus bhí fonn orthu gan rud ar bith a dhéanamh ach spraoi a bhaint as an saol.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(c) Fuair a lán daoine bás agus iad ag tabhairt aire do dhaoine eile a bhí ag fulaingt.

**Pointe amháin mínithe. (10 marc)**

(iii) (a) Sfaictéiria – b'oileán é os comhair bhéal chuan Phulas a bhí thart ar mhíle go leith ar fad. Ghlac na hAithnigh seilbh ar an gcuan. Bhí an dá bhealach isteach sa chuan amach ó dhá cheann an oileáin agus bheartaigh na Spartaigh iad sin a bhlocáil. Chuir siad roinnt hoiplíteach ar an oileán a roghnaíodh i gcrannchur; 420 fear san iomlán in éineacht lena gcuid héalótaí agus iad uile faoi cheannas Epitadas. Idir an dá linn, tharraing Déamastainéas na tríréimí i dtír, thóg sé sonnach mórthimpeall orthu agus thug sé drochsciatha sailí dá shaighdiúirí. Tháinig 40 hoiplíteach as Messenia ina chuideachta agus shuigh sé an fórsa os comhair na talún amach. Chuaigh sé féin agus an 40 hoiplíteach síos chuig an bhfarraige chun cosc a chur ar na Spartaigh teacht i dtír. Thug sé óráid spreagúil dá fhir, á thathant orthu gan eagla a bheith orthu roimh na naimhde a bhí níos líonmhaire ná iad féin. Cuireadh tús leis an ionsaí faoi cheannas Thrasymelidas. Ach ba é Brasadas an ginearál a bhí ar fheabhas. Ghabh an Aithin a sciath agus d'úsáid mar thrófaí í. B'ait leis na hAithnigh a bheith ag troid ar an talamh agus leis na Spartaigh a bheith ag troid ar an bhfarraige. Ar an tríú lá, thosaigh na Spartaigh ag bailiú adhmaid chun innill léigir a dhéanamh. Tháinig 50 long de chuid loingeas na hAithne aduaidh as Zacynthus. Lá arna mhárach, sheol siad an dá bhealach isteach sa chuan chun ionsaí a dhéanamh. Rinne siad damáiste mór do loingeas Sparta, a theith agus a thréig na fir ar Sfaictéiria. Bhí sé ina chíor thuathail; faoi dheireadh, rinne na Spartaigh iarracht sos cogaidh a chomhaontú leis an Aithin le go bhféadfaidís na fir a tharrtháil ón oileán. Thug na Spartaigh 60 long ar láimh do na hAithnigh, a d'aontaigh soláthairtí a chur chuig na fir ar an oileán. Rinne na Spartaigh iarracht a chur ina luí ar an Aithin comhaontú síochána a dhéanamh ach níorbh shin é a theastaigh ó Chléón, a d'áitigh go láidir go mbeadh sé de bhuntáiste acu leas a bhaint as na fir ar an oileán. Bhris an cogadh amach arís agus rinne na hAithnigh patrólú ar an oileán. Ba dheacair do na hAithnigh é toisc go raibh siad ar ghannchuid uisce. Idir an dá linn, dúradh leis na héalótaí go gcúiteofaí go maith leo é dá dtabharfaidís soláthairtí faoi rún chuig na Spartaigh a bhí faoi léigear ar an oileán. Thosaigh na hAithnigh ag déanamh imní go mb'fhéidir go mbeadh orthu éirí as an léigear. Tarraingíodh míghnaoi gach aon duine ar Chléón. Thall ar Sfaictéiria, bhí tine ann a d'fhág formhór an oileáin gan choillte. Bhí Déamastainéas níos dóchasaí go bhféadfadh sé an t-oileán a ghabháil dá bharr. Tháinig Cléón ina chuideachta, mar ní ligfeadh an náire dó gan dul i gceannas na sluaíochta. Thug siad deis do na Spartaigh géilleadh, a dhiúltaigh dóibh, agus rinne siad ionradh ar an oileán roimh éirí na gréine (thart ar 800 fear ag teacht isteach ó dhá cheann an oileáin). Ghabh siad an chéad phost garda ina raibh tuairim is 30 fear agus chuaigh siad i dtreo lár an oileáin, mar a raibh daingniú á choimeád ag an gcuid eile acu. Ar bhreacadh an lae, tháinig an 70 long eile i dtír agus ghabh na fir seilbh ar an talamh ab airde ar gach taobh. Bhí airm ag a lán acu a bhí ceaptha le haghaidh troid fadraoin. Rinne na Spartaigh iarracht dul i ngleic leis an namhaid i gcóngar ach cuireadh ar gcúl iad arís agus arís eile. Dá mhéad an brú a bhí ar na Spartaigh, is ea ba lú an eagla a bhí ar na hAithnigh rompu. Thit na Spartaigh siar chuig bun an oileáin mar a raibh na daingnithe agus rinne siad iarracht iad a chosaint. Bhí Ceannasaí mhuintir Messania ar an eolas faoi chonair chrochta

rúnda agus chuaigh sé féin agus roinnt fear á leanúint nó go raibh siad os cionn na háite a raibh na Spartaigh, cosúil lenar tharla ag Tearmápalae. Bhí na hAithnigh níos líonmhaire ná na Spartaigh agus mórthimpeall orthu; bhí an tuar nite. Faoi cheannas Stryphon, ghéill siad, gabhadh 292 fhear acu mar phríosúnaigh agus tugadh siar go dtí an Aithin iad.

**Cuntas comhleanúnach ar na himeachtaí. (35 marc)**

(b) Bhí iontas ar na Heilléanaigh uile go bhfuarthas an lámh in uachtar ar na Spartaigh agus, thar aon rud eile, gur ghéill siad a gcuid arm. Níor tharla a leithéid riamh roimhe. Bhí sé de bhuntáiste ag na hAithnigh go raibh príosúnaigh acu, rud a chuir cosc ar na Spartaigh ionsaí a dhéanamh ar an Ataic, agus bhí Pulas agus an ceantar máguaird daingnithe go maith freisin agus i seilbh mhuintir Messania. Uaidh sin, rinne muintir Messania creacha istigh sa Laconia, rud a chorraigh na Spartaigh go mór. Bhí síocháin de dhíth ar an dá thaobh anois agus tháinig Síocháin Nicias ina dhiaidh sin.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(iv) (a) Chuidigh Gylippus le treascairt na hAithne sa tSicil mar gheall ar a cheannaireacht, a bhí diongbháilte agus inspioráideach. Nuair a tháinig sé go dtí an tSicil, ba bhuntáiste mór dó nach raibh an balla ag Epipolae críochnaithe agus thug sé a thrúpaí isteach láithreach bonn. Thuig sé go gcaithfí muintir na hAithne a ionsaí ó mhuir agus ó thalamh agus mhúscail sé muinín mhór ina chuid fear a raibh ardmheas acu air.

**Dhá phointe mínithe. (20 marc)**

(b) Bhí Nicias i gcoinne na sluaíochta chun na Sicile ón tús ar fad, labhair sé ina coinne sa Tionól. I rith na sluaíochta, d’éirigh sé tinn agus d’iarr sé go n-athghairfí é. Bhí sé éiginnte agus d’athraigh sé a intinn an t-am ar fad. Níor chríochnaigh sé an balla ag Epipolae rud a thug deis do na Spartaigh a gcuid cosaintí a thabhairt isteach. Bhí deis aige dul ar a theitheadh ar muir, ach níor thapaigh sé an deis ar fhaitíos go scriosfadh sé a cháil agus níos déanaí nuair a bhí deis ann cúlú ar muir. Bhí sé ró-phiseogach é a dhéanamh mar gheall go raibh urú ar an ngealach. Ní raibh aon mhuinín ag a chuid fear féin as agus níor chuidigh an stíl cheannaireachta a bhí aige lena misneach a ghríosú. Theastaigh dearcadh dána, diongbháilte sa tsluaíocht agus bhí seisean aireach agus ar crith.

**(30 marc)**

## Topaic 2. Alastar Mór.

(i) (a) Shroich Alastar an Hiodaispéas, d’ordaigh sé do Coenus maoirseacht a dhéanamh ar na báid á dtabhairt i gcodanna ón Iondúis. An séasúr monsúnach a bhí ann agus bhí sé an-fhliuch. Ghlac Póras leis, a bhí ar an mbruach eile, go bhfanfadh Alastar go dtí go raibh an séasúr báistí thart chun ionsaí a dhéanamh. Thionólfadh Alastar sluaíochtaí, a bhíodh an-torannach suas síos an abhainn gach oíche, agus ar deireadh stop Póras ag cur trúpaí amach toisc go raibh an oiread sin rabhaidh bhréige ann. Idir an dá linn, bhí Alastar ag scabhtáil le haghaidh áit mhaith le trasnú, a fuair sé ar deireadh suas an abhainn áit a raibh cor san abhainn. D’éascódh oileán san abhainn an trasnú. Chuaigh siad trasna ar oíche fhiáin agus stoirmeach, a bhí go maith mar go raibh sé callánach, ach fuair siad amach ansin go raibh dhá oileán ann. D’éirigh leo dul trasna agus thug siad aghaidh ar mhac Phórais le réamhbhuíon agus fuair siad an bua orthu go héasca.

**Cur síos comhleanúnach. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Taispeántar sárchumas Alastair mar cheannasaí sa chath seo. Ba é a chleas ag dul trasna na habhann, a bheartaíocht ag dul i gcoinne charbaid agus eilifintí Phórais (ag fágáil an chuid is mó dá mharcra le Craterus, ag ionsú na gcarbad le sleánna agus ag ligean dóibh rith tríd) agus a úsáid chliste as an aonaid mharcra a bhí á stiúradh ag Coenus le teacht thart agus dul timpeall ar Phóras, a bhua an cath dó. Taispeántar a uaisleacht agus a ghrástúlacht ina chaitheamh cóir le Póras nuair a bhí an cath thart.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(ii) (a) Ghlac Alastar le roinnt gnéithe d'éadaí Peirseacha amhail an clogad, rud nach raibh dúil ag na Macadónaigh ann. Thug sé iarraidh an custam Peirseach Proskynesis nó umhlú a thabhairt isteach freisin, ach ní chomhoibreodh an chuid is mó dá fhir leis seo. Cheap sé na Peirsigh go poist thábhachtacha agus fiú cheap sé 30,000 buachaill Peirseach le bheith ina epigonoi (réamhtheachtaithe) do Chompánaigh an Mharcra. D'éirigh sé níos neamhpháirtí óna chuid fear agus níos sásta éisteacht le cúisimh fealltóireachta.

**Dhá shampla. (8, 7) (15 mharc)**

(b) Tá dhá phríomhtheoiric anseo: ceann amháin ná go raibh sé meallta ag rialú stíl an oirthir; d'éirigh sé níos cosúla leis na Peirsí toisc go raibh sé á iarraidh sin. Ach deir Airrianas go raibh sé ag iarraidh an bua a fháil ar na Peirsigh dá ríogacht agus mar sin gur ghlac sé le cuid dá nósanna. **Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(c) Ní go maith a chuaigh an fhorbairt seo i bhfeidhm ar na Macadónaigh. Ba chóir d'iarrthóirí eipeasóid proskynesis agus urlabhra Challastainéis ag gríosú Alastar gan tabhairt ar a fhir umhlú agus ag cur i gcuimhne dó gur fear a bhí ann, agus ní dia. D'fhéadfaidís Cléiteas a lua chomh maith nuair a chuireann sé i gcoinne Alastar a chur i gcomparáid leis na laochra iontacha agus an ceannairc ag Opis áit a bhfuil na fir ar mire go bhfuiltear á gcur abhaile agus go háirithe an dóigh a bhfuil an chuma air go bhfuil sé i bhfabhar na bPeirseach tharstu, ag caitheamh leo mar a mhuintir.

**Dhá phointe. (10,10) (20 marc)**

(iii) (a) Fuair Cléiteas bás i ndiaidh oíche ag ól go trom. Bhí Alastar á mholadh ag Anaxarchus agus daoine eile, ag rá go raibh sé chomh maith le Diníseas nó an Dioscuri nó Earcail fiú. Thosaigh siad ag caitheamh dímheasa ar Philib agus rinne seo an diabhal ar Chléiteas a ghlac páirt Philib. Chuir sé i gcuimhne d'Alastar gur bhain sé gach rud amach a bhuíoch do na Macadónaigh agus gur tharrtháil sé Alastar ón mbás ag an Granius. Chuaigh Alastar le hionsaí a dhéanamh ar Chléiteas, ach ní raibh a dhaigéar le fáil aige. Thug cairde Chléiteas ar shiúl é, ach rith sé ar ais agus choinnigh sé ag scairteadh ar Alastar a mharaigh ansin é. **Cuntas comhleanúnach ar na himeachtaí. (10,10,10)(30 marc)**

(b) Is féidir le hiarrthóirí ceachtar fear a roghnaigh leis an locht a chur air. Dhúnmharaigh Alastar é agus bhí sé an-ólta. Mothaigh sé an-chiontach ar fad ina dhiaidh, ach chuir sé an locht ar siocair gur theip air Diníseas a onórú as cad a tharla. Tharrtháil Cléiteas ón mbás é agus ba í a dheirfiúr a bhí ina haltra aige, mar sin ba ghníomh uafásach a bhí ann lenar taispeánadh a easpa féinsmachta. Níor cheart do Chléiteas a bheith chomh neamhbhalbh agus chomh maslach le hAlastar os comhair daoine eile agus léirigh sé dímheas. Dá dtiocfadh sé isteach arís d'fhéadfá a rá ansin go raibh troid á lorg aige.

**Dhá chúis. (10,10) (20 marc)**

(iv) (a) Ag Léigear na Mallach, bhí Alastar ar mire leis na fir, a bhí rómhall ag bogadh chun na dréimirí dreapadóireachta a fháil. D'aimsigh sé dréimire é féin agus in éineacht le Peucestas, Leonnatus agus Abreas amháin, rith sé suas faoina sciath agus chuaigh sé in airde ar an mballa. Chuir sé de na cosantóirí ansin, ag marú cuid díobh. Ansin, ag tuiscint go raibh sé ina thargaid, chinn sé go léimfeadh sé síos isteach sa chathair agus é féin a chur i mbaol a

bháis. Ach bás oirirc a bheadh ann ar a laghad. Léim sé síos lena chairde agus choinnigh sé leis ag troid ach buaileadh sa chliabhrach le saighead é, agus tháinig aer agus fuil araon amach. Thit sé i laige agus thimpeallaigh a fhir féin é. Bhris cuid eile díobh an dréimire bhí siad an oiread sin ar bís chun é a tharrtháil. Tugadh ar shiúl ar deireadh é agus bhain Peucestas an tsaighead amach.

**Cur síos comhleanúnach. (10,10,10) (30 marc)**

(b) Bhí fearg ar chairde Alastar leis i ndiaidh na timpiste sin toisc gur chuir sé a shaol i mbaol gan ghá, agus, mar a dúirt siad leis, ní hé sin jab an ghinearáil, ach jab gnáthshaighdiúra. Bhí sé corraithe leis sin, ach bhí a fhios aige go raibh an ceart acu.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(c) Bhí na gnáthshaighdiúirí croíbhriste nuair a chuala siad faoi agus ní chreidfidís nach raibh Alastar marbh. Chun iad a chur ar a suaimhneas, tugadh Alastar síos an abhainn i mbád ónar chroith sé a lámh leo. Chuaigh sé suas ar a chapall fiú agus bhailigh na fir thart air le teann gliondair ag caoineadh go raibh sé fós beo.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

## Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe.

(i) (a) Ba é Cath Pharsalus an cath cinniúnach idir Caesar agus Poimpéas sa Ghréig. Fiú sular thosaigh an cath, rinne Caesar Poimpéas a bhacadh trí bhuíonta marcra a bhogadh lena thrúpaí a bhacadh. Bhí fir Phoimpéas ina seasamh gan bogadh aige, ag baint a móimintim díobh. Smaoinigh Caesar ar phlean maith chun lagsprid a chur ar an marcra trí dhíriú ar a n-aghaidheanna, rud a chuir cor orthu agus thug siad na boinn astu. D'fhág Poimpéas an cath agus speabhraídí air, ag tréigean a chuid fear i muinín na cinniúna.

**Cuntas comhleanúnach ar an gcath. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Chuaigh Pompéas ar bhád chun na hÉigipte agus nuair a shroich sé í, tugadh go dtí an cladach é áit ar thug Tolamaes ar Achillas, Septimius agus Salvius é a mharú. Baineadh an ceann de agus fágadh a chorp ar an gcladach áit ar chuir seansaighdiúir dá chuid, Pilib, é. Cuireadh a cheann chuig Caesar. **Pointe amháin. (15 mharc)**

(ii) Chruthaigh Catullus go bhfuil mothúcháin an-láidre ar fad aige; nuair a thugann sé grá, is le hiomlán a chroí é mar is léir ó na dánta Lesbia. Tá sé ite ag a chuid mothúchán; is é an t-iomlán atá uaidh nó ní bheidh dada aige. Tá sé paiseanta, más gean nó gráin atá i gceist agus, go deimhin, athraíonn sé a mhothúcháin ó cheann go chéile go tobann. Tá an chuma air go ndeachaigh Lesbia i bhfeidhm go hiomlán air agus is beag go gcailleann sé a chiall léi. Ní gnáthleannán seo ach duine nach féidir leis smaoineamh ar aon ní eile ach ar a bhean luí. Níl sé in ann focal a chur as a bhéal in *Happiness* ach é mar a bheadh sé i saol aislinge agus na súile sáite ar an chailín aige. Dán is ea *A Prayer* faoi fhear atá ar a mhine ghéire ag iarraidh teacht slán ón ngrá don bhean nach bhfuil cion aici air. Ó thug sé gean di gan aon ghuaim a choinneáil air féin, tá sé i gcontúirt anois gach ní a chailleadh. Léiríonn sé gur cuideachta mhaith é a mbainfeadh duine sult as am a ghlacadh leis agus in *Evening With Licinius*. Taispeánann sé go bhfuil acmhainn ghrinn an-ghéar aige anseo. Is léir sna saothair *Consolation*, *The Same* agus *At A Brother's Grave* go bhfuil sé lách, truachroíoch agus dílis mar chara. Is léir in *To Cicero* gur fear é atá fial agus umhal i gcroí. Tá an dán a scríobh sé dá dhearthháir marbh thar a bheith mothúchánach agus léirítear an dlúthchaidreamh a bhí aige leis ann. **Gabháil: 20. Forbairt: 20. Meastóireacht Ghinearálta: 10. (50 marc)**

(iii) (a) Deir Caesar gur ionraigh sé an Bhreatain siocair gur chuidigh na Briotanaigh leis na Belgae agus na Veniti ina choinne nuair a bhí sé ag troid sa Ghaill. Fiú mura raibh am ann le haghaidh feachtais an tréimhse sin, cheap sé gur buntáiste iontach a bheadh ann dó dá dtabharfadh sé cuairt ar an oileán go díreach leis an gcineál áititheoirí a bhí ann a fheiceáil agus chun aithne a chur ar shuíomh na talún, ar na cuanta agus ar na háiteanna tuirlingthe. B'fhéidir go raibh sé ag iarraidh a chruthú go raibh a leithéid d'áit ann toisc nach rabhthas cinnte faoi. **Pointe forbartha amháin.** **(15 mharc)**

(b) Deir sé go bhfuil líon an-mhór Briotanach ann agus gurbh é anall as an mBeilg a tháinig siad ar dtús. Deir sé nach n-itheann siad mórán arbhair ach go n-ólann siad a lán bainne agus go n-itheann siad a lán feola. Labhraíonn sé faoina nós a ngruaig choirp ar fad a bhearradh ach go bhfuil croiméil orthu agus gruaig fhada ar a gcloigne agus go gcaitheann siad craicne ainmhithe. Cuireann sé síos chomh maith ar an dóigh a bpéinteálann siad iad féin le glaisin a bhfuil dath scothghorm air agus a chuireann cuma scanrúil orthu i gcath. Deir sé go roinneann siad a mná céile lena chéile agus nach n-itheann siad géanna, giorriacha ná coiligh, ach go gcoinníonn siad iad dá bpléisiúr. Deir sé gurbh iad muintir Kent na daoine ba shibhialta. Ach ba bheag a ghnóthófaí as an ionradh ar aon iomlán mar go raibh an áit ró-bhocht. Tugann Caesar faoi deara go raibh carbaid á n-úsáid acu i gcogadh, rud nár nós de chuid na Rómánach é. Dúirt sé gur thiomáin siad thart i ngach aon treo, gur chaith siad a n-airm agus gur chruthaigh siad cíor thuathail i measc an namhad. Fanann na carbadóirí lena bpiocadh suas má bhíonn siad i dtrioblóid. A luaithe is a bhíonn siad i measc an namhad, léimeann siad síos óna gcarbaid agus troideann siad de chois. Tá siad an-oilte i dtraenáil a gcapall agus is féidir leo iad a thiontú ar an toirt, rith feadh chuaille an charbaid agus rith isteach sa charbad arís.

**Trí phointe. (12,12,11)** **(35 marc)**

(iv) (a) Is cosúil go raibh "amhras" ar an mbeirt fhear faoina chéile riamh "mar gheall ar an dá shlí mhaireachtála a chleacht siad a bheith chomh héagsúil sin." Bhí imní ar Chiceаró go bhféachfadh Antaine leis an gcumhacht iomlán a tharraingt chuige féin tar éis fheallmharú Chaesair agus bhí a fhios ag Antaine go raibh bá ag Ciceаró le Brútas agus le lucht na comhcheilge. Fáth díreach a raibh an ghráin ag Antaine ar Chiceаró ná nár tháinig sé i láthair ag cruinniú an-tábhachtach den Seanad tar éis d'Antaine an cruinniú a thionól. Chuir Antaine saighdiúir le tabhairt ar Chiceаró a theacht i láthair. Thaobhaigh Ciceаró ina dhiaidh sin le hOctáivian in aghaidh Antaine, chomh maith, ar ndóigh, leis na *Filipicí* a thabhairt i gcoinne Antaine. Is é príomhchúis Chiceаró gur thug Antaine iarraidh cúpla uair le fórsa le coróin a chur ar Iúil Caesar agus rí a dhéanamh dó. Bhí sé ag iompar é féin amhail is gur sclábhaí é. Tharla sé sin le linn fhéile Lupercalia nuair a bhí Antaine nocht. D'éiligh Antaine go ndéanfaí a iarrachtaí a thaifeadadh sa taifead poiblí. An chéad rud eile, cháin sé Antaine as fórsa a úsáid chun imeagla a chur ar a chéilí comhraic. Bhí an Seanad timpeallaithe ag fir armáilte, bhí an Fóram lán 'de na daoine is fíochmhaire ar domhan.' Sheachain Antaine an Róimh agus chuaigh sé i gcomrádaíocht le gadaithe agus scroblach. Chreid Ciceаró gurbh é a uaillmhian bheith i réim sa Róimh agus gur thug sé iarraidh tíorántacht a chur in aonad an dlí agus na gcúirteanna. Chuir sé an locht air as cailliúint trí arm de chuid na Róimhe.

**Dhá phointe fhorbartha. (13,12)** **(25 marc)**

(b) Tharla bás Chiceаró de bharr naimhdeas Mharc Antaine. Thaobhaigh Ciceаró le hOctáivian ina choinne toisc go raibh fuath aige do Mharc Antaine cheana. D'ionsaigh sé é sna Filipicí agus bhí sé ag iarraidh é a ainmniú mar namhaid an stáit. Nuair a rinne Antaine agus Octáivian síocháin lena chéile, bhí deireadh le Ciceаró cé gur raibh Octáivian in ainm is a bheith ag argóint in éadan a eisreachtaithe. Chuathas á lorg agus fuarthas greim air ag fágáil a villa ag Formiae i bpraiseach. Nuair a tháinig a mharfóirí Herennius agus Popillius, dhiúltaigh a sclábhaithe féin é a thabhairt ar shiúl ach thréig sclábhaí de chuid a dhearthár a saoradh é. Fuair sé bás le dínit, ag ofráil a scornaí do na marfóirí agus ag iarraidh orthu bás

mar is ceart a thabhairt dó, cé nach raibh a gníomh a bhí á dhéanamh acu ceart. Cuireadh a chloigeann agus a chuid lámh ar taispeáint san Fhóram.

**Cuntas comhleanúnach. (9,8,8) (25 marc)**

## Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha.

(i) (a) Colscaradh Ágastas ó Scribonia; a phósadh le Livia a bhí ag iompar clainne agus a colscaradh le déanaí; a beirt mhac, Drusus agus Tibir; an saol traidisiúnta tí a bhí aici féin agus Ágastas; bás Ágastas; a hoidhreacht i leith trian amháin den eastát agus an teideal, 'Augusta'. Bhí Ágastas 'go huile agus go hiomlán faoina smacht' aici. Tugann Tacatas le tuiscint go mb'fhéidir go raibh sí bainteach le bás Ágastas fiú.

**Dhá phointe fhorbartha. (10,10) (20 marc)**

(b) Ansin díbirt Thibir a chuir sé air féin agus iarrachtaí leanúnacha Livia le cur ina luí ar Ágastas ligean dó filleadh ó Ródas; d'oibrigh sé go rathúil fosta chun go n-uchtódh Ágastas é mar a mhac. Tá tuiscint éigin ann gur ordaigh Livia díbirt Agrippa Postumus agus a chur chun báis níos déanaí nuair a fuair Ágastas bás. Tugann sé mionsonraithe ar an gcaidreamh lag idir máthair agus mac a bhí mar seo go bhfuair sí bás.

**Dhá phointe fhorbartha. (10,10) (20 marc)**

(c) Bhí Ágastas ag iarraidh an Róimh a atógáil i ndiaidh fhoréigean agus chlampar na gcogaí cathartha. Chonaic sé go raibh síocháin agus cobhsaíocht ag taisteal ó dhaoine arís agus mhothaigh sé gurb é an dóigh is fearr le bonn daingean don Róimh nua a bhaint amach ná trí dhíriú ar an saol teaghlaigh. Mhéadódh teaghlaigh mhóra daonra na cathrach arís agus mhéadódh sé sin an t-ioncam cánach. Thar aon ní eile, bhí sé ag iarraidh feachtas "filleadh ar na bunphrionsabail" maidir le saol teaghlaigh folláin a chur chun cinn.

**Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(ii) (a) Tharla bás an impire Ágastas, de réir Thacatas, a bhí go huile agus go hiomlán faoi smacht a mhná céile, i measc cainte ar chomharbas agus filleadh chuig rialtas poblachta b'fhéidir. Bhí an chuma ar gach duine go raibh siad míshásta go mbeadh Livia mar bhulaí mná agus a mac gruama, sotalach, Tiber ann. Deir Tacatas go bhféadfadh sé go raibh páirt ag Livia ina bhás chun aisghairm Agrippa Postumus óna dhíbirt a chosc. Rinne Livia cinnte de Thibir a aisghairm ó Nola in am do bhás Ágastas.

**Cuntas comhleanúnach. (10,10,10) (30 marc)**

(b) Ba iad seo a leanas príomhthéarmaí uacht Ágastas: Ba iad Tibir agus Livia a oidhrí. Tugadh an t-ainm "Augusta" do Livia. Fágadh roinnt maoine ag a gharpháistí agus ag páistí a gharpháistí. Fágadh roinnt airgid ag fir thábhachtacha an stáit, cé nach raibh dúil ag a lán díobh ann. Gnáth-thiomnachtaí a bhí aige ach amháin gur fhág sé 400,000 píosa óir ag muintir na Róimhe lena n-áirítear airgead do gach garda agus gach saighdiúir.

**Míniú ar dhá théarma. (10,10) (20 marc)**

(iii) (a) D'fhág Tibir le dul go Capri i ndiaidh a lán tréimhsí fada a bheith á chaitheamh aige cheana ar shiúl ón Róimh in Campania. Deir roinnt daoine go ndearna sé sin le fáil ar shiúl ó Shéánas, ach ós rud é gur fhán sé ar shiúl ar feadh sé bliana i ndiaidh a bháis, ní dócha go bhfuil sin fíor. Deir roinnt daoine go raibh áit phríobháideach á cuardach aige chun saol ar an drabhlás a bheith aige agus go raibh sé ag éirí níos cotúla agus níos cotúla faoina chuma, an-ard agus caol agus a lán cneácha ar a aghaidh. Mheall iargúltacht Capri é.

**Míniú ar dhá chúis. (10,10) (20 marc)**

(b) Ag Capri lig Tiber do chúrsaí an stáit dul in olcas agus níor bhac sé le folúntais ar phoist a líonadh. Ghéill sé do phaisin dhuáilceacha ar nós pótaireachta. Ghlac sé páirt i bhfleánna drabhlásacha agus bhíodh smaointe drochaigeanta díomhaoine aige. Bhí a chuid ainmhianta coiriúil agus bhí sé ag maireachtáil mar a bheadh tíoránach oirthearach ann. Lean sé cleachtais mhínádúrtha le cailíní agus buachaillí óga agus bhíodh siad i ngrúpaí de thriúir leis go minic. Bhí seomraí cóirithe aige le híomhánna mígheanasacha agus lámhleabhair mhígheanasacha. Bhí buachaillí agus cailíní gléasta aige mar phannaí agus nimfeacha thart ar a thailte i bhfochlaí drabhláis. Chuir an tsoineantacht agus an óige faoi dhraíocht é. D'úsáideadh sé páistí beaga chun pléisiúr a thabhairt dó fiú, uaireanta agus iad ag snámh. Rinne sé éigniú ar bheirt bhuachaillí agus nuair a rinne siad gearán, briseadh a gcosa.

**Cur síos ar thrí ghné. (10,10,10) (30 marc)**

(iv) (a) D'éirigh Agrippinia uaigneach, trína chéile, tháinig tinneas coirp uirthi agus fuair a lán dá daoine muintire bás. Bhí caidreamh míchompordach ag Agrippina le Tibir agus b'fhéidir le máthair Thibir, Livia, chomh maith. Ghlac sí páirt i gcúrsaí polaitíochta i gcúirt impiriúil Thibir, agus bhí súil aici go mb'fhéidir go dtiocfadh a mic i gcomharbacht ar Thibir. Bhí sí i gcoinne mhac nádúrtha agus gharmhac nádúrtha Thibir teacht i gcomharbas. Bhí sí díchéillí ina gearáin faoi bhás Ghearmánacas le Tibir. Fuair Tibir greim láimhe ar Agrippina agus dúirt sé an líne Ghréagach: "Agus mura thú an bhanríon, a stór, an ndearna mé rud éigin mícheart ort?" Ghlac Agrippina páirt i ngrúpa Seanadóirí Rómhánacha a bhí i gcoinne chumhacht agus thionchar Shéánas mhíchlúitigh a bhí ag fás. Tháinig amhras ar Thibir faoi Agrippina. I 26, d'iarr Agrippina ar Thibir cead a thabhairt di a deartháir céilí, Seanadóir Rómhánach, a phósadh, ach níor thug Tibir cead di é a phósadh i ngeall ar na himpleachtaí polaitiúla a d'fhéadfadh bheith ag an bpósadh. D'eagraigh Tibir cuireadh go cúramach do Agrippina chun béile a bheith aici sa phálás impiriúil. Ag an dinnéar, thairg Tibir úll do Agrippina chun mothúcháin Agrippina don impire a thástáil. Bhí amhras ar Agrippina go bhféadfadh nimh a bheith san úll agus dhiúltaigh sí blaiseadh den úll. Ba sin an t-am deireanach a thug Tibir cuireadh do Agrippina chuig a thábla dinnéir. Dúirt Agrippina ina dhiaidh sin gur thug Tibir iarraidh í a nimhiú. I 29, gabhadh Agrippina agus a mic Néaró agus Drusus faoi orduithe Thibir. Chúisigh Tibir Agrippina go bréagach as plean a dhéanamh chun tearmann a ghlacadh ag taobh íomhá Ágastas nó le hArm na Róimhe thar lear. Tugadh Agrippinia agus a mic chun trialach. Díbríodh chun oileán Pandataria amach ó chósta Campania í ar orduithe Thibir. Ba é sin an t-oileán chuig a díbríodh a máthair. Rinne Agrippina agóid fhíochmhar sa phríosún ag Pandataria. D'ordaigh Tibir garda chun í a sciúrsáil uair amháin. Chaill Agrippina súil le linn na sciúrsála. Toisc go raibh sí ag diúltú ithe, cuireadh bia siar uirthi ach thug sí bás le hocras di féin níos déanaí. Ach deir Tacatas go bhféadfadh sé gur baineadh cothú di agus í sa phríosún agus nach bás deonach a bhí ann. Fuair sí bás i 33 AD. Fuair mac Agrippia Drusus bás leis an ocras nuair a bhí sé sa phríosún sa Róimh agus chuir Néaró lámh ina bhás féin. I ndiaidh a báis, rinne Tibir béadchaint ar a hainm agus dhearbhaigh an seanad gur dáta drochthuartha a bhí ina dáta breithe.

**Trí shampla den chaoi ar caitheadh léi. (10,10,10) (30 marc)**

(b) Is dócha go n-aontóidh iarrthóirí leis an ráiteas seo ina liostaítear a shaol pearsanta, go háirithe an dóigh ar chaith sé le buachaillí agus cailíní nuair a chuaigh sé go Capri; a chaitheamh díoltasach lena naimhde, a pharanóia agus a bhrúidiúlacht go háirithe sna trialacha tréasa. Bhí taobh an-dorcha ar fad lena iompraíocht ghruamánta fhrithshóisialta freisin is cosúil.

**Dhá phointe míniúcháin. (10,10) (20 marc)**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.

(i) (a) Tagann Méidé amach chuig an gCór agus labhraíonn sí leo go béasach, deir sí nach bhfuil sí ag iarraidh go gceapfaidís go raibh sí drochbhéasach. Cuireann sí béim ar a gcomhchúis mar mhná ach deir sí go bhfuil a cás féin níos measa ná a bheadh cás seo acusan toisc gur eachtrannach atá inti freisin. Labhraíonn sí faoi dhrochbhail ban, an dóigh a bhfuil orthu fear céile a "cheannach" agus nach féidir leo rud ar bith a dhéanamh mura bhfuil maith ar bith ann mar fhear céile. Níl meas ar bith ar cholscaradh agus ní féidir leo dul amach i gcomhair cuideachta. Cuireann sí an tuairim ar an dóigh a bhfuil mná "cosanta" ina dteach chun siúil go nimhneach agus deir sí gurb fhearr léi troid sa tul-líne ná páiste amháin a bhreith. Neartaíonn na hargóintí ar fad seo an gaol idir í féin agus mná na Corainte chun go dtaobhóidís léi.

**Trí argóint. (12,12,11) (35 marc)**

(d) Athraíonn dearcadh an chóir nuair a thuigeann siad fairsinge a cuid pleananna agus go háirithe a plean an bheirt buachaillí a bheith páirteach ina díoltas. Deir siad léi gan a mic a mharú agus fiú go ndeir siad go dóchasach nach mbeidh sí ábalta é a dhéanamh. Ach maraíonn sí iad, agus smaoiníonn siad ar rith chun cuidiú leis na páistí, ach ní déanann siad sin. Athraíonn a ndearcadh fúthu ón dearcadh go raibh sí ag tacú leo agus ina cara acu go dtí dearcadh uafáis go raibh sé de chumas aice a cuid páistí féin a mharú.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(ii) (a) Tá Éideapús meáite ar mharfóirí Laius a fháil, ionas go mbeidh sé ábalta a dhaoine a tharrtháil ón bplá mhillteanach a bhuail an chathair go príomha. Tharrtháil sé muintir na Téibhe ón Sfioncs agus tá siad ag brath airsean anois dá dtarrtháil, is é siúd a slánaitheoir a bhfuil dóchas acu ann. Cuireann sé san áireamh chomh maith go bhfuil sé pósta ar bhaintreach Laius agus go bhféadfadh sé a bheith ina thargaid don mharfóir fosta. Mothaíonn sé dáimh le Laius mar iar-fhear céile Jocasta. Tá uafás air gur lig muintir na Téibhe le marfóirí a rí gan dul sa tóir orthu. **Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(b) Tháinig Laius agus coimhdire leis, agus Éideapús leis féin, i dtreo na háite inar tháinig na trí bhóthar le chéile. Dhiúltaigh gach duine acu géilleadh agus bhuail Laius Éideapús le bata. D'ionsaigh Éideapús ar ais é agus mharaigh sé Laius agus a leantóirí ar fad ach amháin duine amháin.

**Cuntas comhleanúnach ar na troid. (10,10) (20 marc)**

(c) Ba é Jocasta an chéad duine leis an bhfírinne a thuiscint agus impíonn sí ar Éideapús gan leanúint leis ach é a fhágáil. Diúltaíonn sé agus brostaíonn sí isteach sa phálás. Crochann sí í féin os cionn na leapa ansin. Nuair a thuigeann sé an fhírinne, ritheann sé isteach sa phálás ag cuardach claímh amhail agus go raibh sé ag gabháil á marú. Ach nuair a thagann sé uirthi agus í crochta, tógann sé anuas go séimh í agus tugann sé leis a dá bhróiste, á n-úsáid lena shúile a bhaint as a cheann.

**Dhá phointe. (8,7) (15 mharc)**

(iii) (a) Tagann Creon le hinsint do Mhéidé go gcaithfear í féin agus a dá mhac a dhíbirt. Impíonn sí air a bheith trócaireach agus maíonn sé dó nach bhféadfadh sí dochar ar bith a dhéanamh dó mar bhean. Ach admhaíonn sé gan bhac go bhfuil eagla air roimpi, agus thar aon ní eile, go bhfuil eagla air dá iníon a bhfuil an-ghrá aige di. Feiceann Méide a laige agus ag baint tairbhe as a ghrá dá páiste, impíonn sí air lá amháin eile a thabhairt di go díreach chun na páistí a eagrú. Aontaíonn sé leis an méid sin d'ainneoin a bharúla ar an gceist.

**Cur síos comhleanúnach ar an teacht le chéile. (25 marc)**

(b) Tagann na buachaillí leis an ngúna álainn agus an mionn ríoga, éillithe le nimh. Cuireann Glauce uirthi féin iad agus féachann sí go sásta uirthi féin sa scáthán. Tosaíonn sí

ag screadach agus ag caoineadh ansin, áfach, nuair a dhónn siad a craiceann. Ní thig léi iad a bhaint di agus sníomhann sí le pian ar an urlár. Tá eagla ar gach duine lámh a leagan uirthi, ach deifríonn Creon isteach agus fáisceann sé barróg ar an méid atá fágtha di ar an urlár. Greamaítear di ansin é agus ní féidir leis éalú. Deir sé gurbh fhearr leis bás a fháil ná maireachtáil gan í agus faigheann an bheirt acu bás le chéile.

**Cur síos ar an dóigh a bhfuair an bheirt acu bás. (13,12) (25 marc)**

(iv) (a) Músclaítear an troid idir Éideapús agus Creon nuair a chuireann Tiresias an locht ar Éideapús as bás Laius. Glacann Éideapús leis go bhfuil comhcheilg ar bun idir Tiresias agus Creon agus go raibh siadsan ciontach as bás Laius agus go bhfuil siad ag iarraidh a bheartú anois go gciontófaí eisean go héagórach ar a shon. Glacann sé leis go bhfuil Creon ag iarraidh na corónach dó féin agus cuireann sé an méid sin ina leith. Síleann sé gur bheartaigh Creon cealg go marófaí Laius agus gur mian leis teacht i gcoróin. Dearbhaíonn Creon d'Éideapús go bhfuil sé neamhchiontach agus cuireann sé in iúl dó gur leis-sean trian de chumhacht na ríochta ach nach gcaithfidh sé a bheith buartha faoi chúrsaí freagrachta. Ní chreideann Éideapús é ach cuireann an cór agus Jocasta brú air na cúisimh a tharraingt siar. Cuireann sé in iúl go soiléir go síleann sé fós go bhfuil Creon ciontach agus insíonn sé don chór go gcaithfidh sé go bhfuil siad ag beartú go marófaí é mura n-aontaíonn siad lena gcúisimh.

**Cur síos comhleanúnach ar an troid. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Feicimid taobh meargánta ríogach d'Éideapús san eipeasóid seo. Déanann sé scéal dá bharúil gan fianaise ar bith agus tá sé teasaí. Ní éisteann sé le Creon nuair a mhaíonn Creon nach raibh baint aige leis an mbás agus tá barraíocht muiníne aige as a bhreithiúnas féin. Bíonn sé sách foréigneach nuair a bhíonn fearg air agus éiríonn sé rómhuiníneach agus díomasach. **Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

## Topaic 6. An Eipic Ársa.

(i) (a) Socraíonn Díodó í féin a mharú toisc go síleann sí nach bhfuil an dara rogha aici. Chaill sí an fear a bhfuil sí an-tógtha leis agus síleann sí freisin go bhfuil an cháil a bhí uirthi scriosta anois. Bhris sí an mhóid a thug sí dá fear céile marbh agus chuir sí féin i mbaol mar gheall ar a baint le hAeinéas agus ar an bhfaillí a rinne sí ar a cathair.

**Dhá chúis. (10,10) (20 marc)**

(b) Téann Díodó suas ar mhullach an bhreochairn agus aníos léi ar an leaba a roinn sí le hAeinéas. Cuireann sí mallacht ar a mhuintir agus guíonn sí go dtiocfaidh díoltasaí chun cinn óna muintir féin níos faide anonn. Cuireann sí an locht ar a deirfiúr Anna agus cuireann sí an locht uirthi féin ansin; deir sí nach raibh sonas tuillte aici. Maraíonn sí í féin le claíomh Aeinéas; agus í ag fáil bháis, seolann Iúnó Iris síos chun dual gruaige a sciobadh di agus chun í a thabhairt go dtí an Domhan Thíos mar ofráil do Phlútón. Cuireann Anna ina baclainn í agus í ag tarraingt a hanála deireanaí, agus tugann sí achasán don bhanríon as a plean a choinneáil faoi rún.

**Dhá phointe. (10,10) (20 marc)**

(c) Tá a bás an-chorraitheach de bharr go mbraithimid go bhfuil aithne againn ar Dhíodó. Léiríodh í mar bhean álainn chróga a raibh an saol ina coinne roimhe. Tá sí an-trína chéile mar gheall ar imeacht Aeinéas agus tá sí ciaptha an oiread sin go bhfuil an-trua againn di. Tá a bás níos corraithí fós nuair a chuirtear san áireamh gurb iad na déithe is ciontaí seachas í féin. Bhogfadh sé do chroí freisin an dóigh a maraíonn sí í féin ar a leabasan leis an gclaíomh Traíoch. **Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

(ii) (a) Is neacha ar nós maighdeana mara iad na Siréanaí. Chanaidís go hálainn ar chladach carraigeach agus mheallaidís mairnéalaigh neamhamhrasacha chun báis.

**Pointe amháin míniúcháin. (15 mharc)**

(b) Bhí Odaiséas ag iarraidh na Siréanaí a chloisteáil seachas a bheith meallta acu. D'iarr sé ar a chuid fear é a cheangal de chrann na loinge chomh docht sin ionas nach mbeadh sé in ann éalú. Líon sé a gcluasa le céir bheach le nach gcloisfidís an t-amhrán marfach agus iomramh díreach tharstu.

**Dhá phointe. (10,10) (20 marc)**

(c) Taispeántar dúinn san eipeasóid seo go raibh Odaiséas thar a bheith fiosrach. Thiocfadh leis stopadh ag éisteacht leis na Siréanaí ach bhí an-dúil aige iad a chloisteáil. Léirítear a chlisteacht dúinn freisin – d'iarr sé ar go gceanglófaí den chrann é agus líon sé cluasa a chriú. Mar sin de, cuirtear a chríonnacht agus a fhiosracht in iúl.

**Dhá phointe. (8, 7) (15 mharc)**

(iii) (a) Cuireadh ina luí ar Anchises an Traí a fhágáil toisc go ndeachaigh gruaig Iulus/Ascanius trí thine ach nár dhóigh sí. Tar éis dó an dara comhartha á iarraidh, tháinig cóiméad nó réalta reatha thar Shliabh Ida agus d'áitigh an méid sin air go raibh na déithe ag iarraidh air éalú ón gcathair. **Pointe amháin míniúcháin. (15 mharc)**

(b) Ar an gcéad dul síos, cuireann bás truamhéalach Priam a athair i gcuimhne d'Aeinéas. Nuair a théann sé abhaile, ní fhágfaidh sé an chathair mura dtéann a athair in éineacht leis. Iompraíonn sé Anchises amach as an Traí ar a dhroim. Cuireann sé lena fhocal do Anchises cuairt a thabhairt air sa Domhan Thíos. Reáchtálann sé cluichí i gcuimhne a athar. Nuair a chasann siad ar a chéile sa Domhan Thíos, tá an teagmháil an-mhothúchánach. Déanann Aeinéas iarracht barróg a fháscadh ar a athair. Tá lúcháir ar a athair é a fheiceáil agus maíonn sé go raibh a fhios aige go mbeadh Aeinéas ábalta teacht chuige. **Dhá phointe. (13,12) (25 marc)**

(c) I measc na fianaise air sin tá an dóigh ar iompair sé Ascanius amach as an gcathair a bhí trí thine. Ní rachaidh sé chun an fhéasta i bpálás Dhíodó mura dtabharfar a mhac ó na longa agus nuair a luann Mearcair go bhfuil sé ag séanadh a Chinniúna ar Ascanius, déanann sé an rud a dúradh leis láithreach bonn.

**Cúis amháin mínithe. (10 marc)**

(iv) (a) Fágann Odaiséas oileán Chailíopsó i mbád a thóg sé féin agus bia agus fíon ina theannta arna soláthar ag Cailíopsó. Seolann sé ar feadh seacht lá dhéag ach feiceann Poiséadón é. Tá an ghráin ag Poiséadón air. Seolann Poiséadón stoirm uafásach. Bheadh an fear de bhunadh Ithica ní ba shona dá mba rud é go bhfuair sé bás sa Traí. Éiríonn leis teacht ar barr uisce nuair a bhriseann a bhád agus coinníonn sé greim ar a rafta briste sula dtagann an nimfeach mhara Ino i dtarrtháil air. Molann Ino dó snámh i dtreo an chladaigh agus beireann sí a caille dó chun é féin a chosaint. Is ar éigean a bhaineann sé an cladach amach a bhuíochas le cabhair ó Aitéiné. Socraíonn Aitéiné na gaotha. Ar mhaidin an tríú lá, d'iompar tonn mhillteanach é i dtreo an chladaigh. Nuair a shroicheann sé an cladach síleann sé go bhfuil a phort seinnte toisc go bhfuil an oiread sin carraigeach air. Is ar éigean atá sé in ann greim a fháil ar na carraigeacha agus baineann siad an craiceann dá lámha. Cuirtear amach chun na farraige arís é. Tugann Aitéiné smaoineamh dó snámh feadh an chladaigh nó go bhfeiceann sé trá; feiceann sé béal abhann agus guíonn sé do dhia na habhann ligean dó teacht i dtír. Luíonn sé ar an talamh, é gortaithe agus gan cumas cainte aige, agus pógann sé an talamh. **Cur síos comhleanúnach ar an turas. (9, 8, 8) (25 marc)**

(b) Nuair a bhuaileann sé le Nausicaa, tá sé nocht agus tá cuma ainnis air. Cinneann sé gan a dhá lámh a chur thart ar a glúine chun í a agairt cúnamh a thabhairt dó. Labhraíonn sé go han-deisbhéalach léi. Níl a fhios aige an bandia í, Artaimís b'fhéidir? Molann sé í agus deir sé más duine daonna í go bhfuil an t-ádh ar a muintir agus go mbeidh an fear a phósfaidh í buíoch beannachtach. Cuireann sé í i gcomparáid le crann pailme galánta ar oileán Dhaelas. Míníonn sé gur thaistil sé ó Ogygia agus gur bhuail stoirm é. Iarrann sé uirthi trua a ghlacadh dó. Iarrann sé éadaí agus cúnamh uirthi leis. Cuireann sé a bheannacht léi go dtabharfaidh na déithe pósadh agus baile socair sásta di.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

(c) Ní theitheann Nausicaa, murab ionann agus a cuid cairde. Éisteann sí le hOdaiséas. Iarrann sí ar a cairde teacht ar ais agus deir sí leo gan a bheith scanraithe. Deir sí go gcaithfidh siad aire a thabhairt don fhear bocht seo, agus folcadh agus bia agus deoch a thabhairt dó. Tugann sí éadaí dó (bhí sí ag ní éadaí san abhainn). Tugann sí ola olóige dó chun é féin a ghlanadh nuair a bhíonn sé san uisce. Sula dtéann sí ar ais chun an bhaile, insíonn an banphrionsa dó gan dul in éineacht léi toisc go bhfuil sí ag iarraidh cúlchaint an bhaile a sheachaint. Deir sí leis dul go pálás a hathar agus dul ar a ghlúine ag cosa a máthar, Arete, agus cabhair a iarraidh uirthi. **Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

## Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.

(i) (a) Goideann Cacus ceithre tharbh agus ceithre bhearach ó Earcail agus é ag filleadh leis an mbólacht tar éis Geryon a mharú. Tarraingíonn Cacus siar iad lena n-eireabaill go dtí a phluais leis an gcuma a chur ar an scéal go raibh siad ag fágáil na háite in áit dul ina treo.

**Dhá phointe (8, 7) (15 mharc)**

(b) Tagann Earcail ar an gcoir nuair a bhíonn an bhólacht ag gluaiseacht. Tosaíonn siad ag géimneach agus géimeann ceann de na bearacha a goideadh ar ais, rud a nochtann láthair na bólachta a goideadh. **Pointe amháin. (10 marc)**

(c) Téann Earcail go pluais Cacus agus déanann sé iarracht an bollán millteanach mór atá ag an mbealach isteach a bhogadh. Ní éiríonn leis, áfach. Amharcann sé suas ansin agus feiceann sé cloch ar fiar ar mhullach an chnoic. Brúnn sé an cloch as a suíomh agus cuirtear an abhainn ar mhalairt slí. Osclaíonn barr na pluaise agus caitheann sé bolláin agus craobhacha anuas ar Cacus. Tagann lasracha as béal Cacus, áfach, agus líonann sé an phluais le tine agus toit. Léimeann Earcail isteach san ifreann agus aimsíonn sé Cacus. Tachtann sé chun báis é.

**Dhá phointe. (8, 7) (15 mharc)**

(d) Tá sé sásúil go bhfaigheann an mhaith an lámh in uachtar ar an olc agus go bhfuil Earcail róghlic don bhrúid Cacus nuair nach dtig leis an bollán a bhogadh. Toisc gur canablach é Cacus agus go bhfuil sé chomh holc sin, tá bua Earcail ina choinne níos sásúla fós. **Cúis amháin mínithe. (10 marc)**

(ii) (a) Baineann comhairle Horáit ar conas an saol a chaitheamh leis seo a leanas go príomha: go bhfuil an saol gearr, go bhfaighimid uile bás, nach féidir ár ndeireadh a thuar, agus gur cheart dúinn sult a bhaint as nuair atá an fhaill againn. Insíonn sé do Leuconoe nach bhfuil gar ar bith ann iarracht a dhéanamh a bhfuil i ndán dúinn amach anseo a dhéanamh amach, nach rachaidh rud ar bith a dhéanaimid i bhfeidhm ar fhad ár saoil, nach mór dúinn "lay hold upon the present hour" mar sin, sult a bhaint as an tuath, ár gcairde, fíon, amhránaíocht agus comhluadar maith siocair nach bhfuil a fhios againn cá fhad a mhairfidh sé. Go háirithe, molann sé do dhaoine sult a bhaint as an saol nuair atá siad óg, "the best is but in season best" agus molann sé saol folláin, a bheith dílis duit féin agus meas a bheith

agat ar na pléisiúir shimplí – an dúlra, bia breá agus teaghlach agus cairde. Is cosúil go bhfuil níos mó measa aige ar shaol na tuaithe, saol na feirmeoireachta go háirithe, ná mar atá aige ar shaol na cathrach, áit ina bhfuil caimiléireacht, saint agus só.

**Dhá phointe fhorbartha. (13,12) (25 marc)**

(b) Déanann Horáit cuid mhór machnaimh ar an mbás. Cuireann sé i gcuimhne dúinn go seasmhach go bhfuil sé i ndán dúinn uile agus nach féidir é a sheachaint ná a chur ar atráth. Beimid ar shiúl, ní thig linn ár maoin a thabhairt linn agus ní dhéanfaidh na daoine a thiocfaidh inár ndiaidh dobrón rófhada fúinn. Doirtfear ár bhfíon costasach ar an urlár marmair. Nuair a bhainimid an Domhan Thíos amach, ní dhéanfaidh ár nginealach, ár ndea-charachtar ná ár ndeaslabharthacht difear ar bith. Ní thiocfadh le Diana ná le Téiséas a rúin a thabhairt ar ais ón marbh fiú. Is é an rud maith faoi sin uile ná gur chóir dúinn taitneamh a bhaint as an saol nuair atáimid beo, "Thou wast not born for aye".

**Dhá phointe fhorbartha. (13,12) (25 marc)**

(iii) (a) I measc na ngníomhaíochtaí a dhéanann an feirmeoir le linn an gheimhridh, de réir Veirgil, tá scamhadh adhmaid le haghaidh tóirsí agus bíonn an bhean chéile i mbun fíodóireachta agus fíonóireachta. Am é le do shuaimhneas a ghlacadh agus sult a bhaint as toradh do chuid oibre, féasta a bheith agat agus sult a bhaint as an bhfómhar, macasamhail mairnéalach atá tar éis teacht i dtír lena ngabháil. Am é chun na cnónna agus na caora a bhaint, agus an giorria, na héin agus an carria a sheilg le tabhall.

**Dhá ghníomhaíocht mínithe. (10,10) (20 marc)**

(b) Dar le Veirgil gur bealach maith macánta í an fheirmeoireacht chun slí bheatha a dhéanamh. Ní hionann í agus an "purple slavery" a bhaineann le saol na cathrach agus caimiléireacht na gcúirteanna dlí, mí-ionracas na bpolaiteoirí agus an dílseacht do shó agus do shaint. Tá an saol seo ag teacht leis an dúlra agus tugann sé onóir do na déithe. Is cuma leis an bhfeirmeoir cad a shíleann daoine faoi agus ní bhíonn éad air le duine ar bith. Ní chaithfidh sé éisteacht le trumpaí an chogaidh ná ní chaithfidh eagla a bheith air roimh stoirmeacha ar farraige. Níl sé tógtha le hairgead agus codlaíonn sé go sámh gan scrupall coinsiasa. Tá na rudaí is aoibhinn leis sa saol simplí go maith, a bhean chéile, a pháistí agus sclábhaithe sásta. Is breá leis lá féile ina mbíonn comórtais bhoghdóireachta agus iomrascála; saol simplí sásta maith san iomlán, de réir Veirgil.

**Trí phointe. (10,10,10) (30 marc)**

(iv) (a) Nuair a dhiúltaigh na treibheanna eile, lena n-áirítear na Saibínigh, d'iarratas Romalais maidir le hidirphósadh, cheap sé plean dínáireach. Reáchtáil sé féile le hurraim do Neiptiún agus thug sé cuireadh do na treibheanna in aice láimhe teacht. Tháinig siad uile i gcuideachta a mban céile agus a bpáistí. Nuair a cuireadh tús leis an bhféile, ghabh na Rómhánaigh, tráth comhartha réamhshocraithe, iníonacha na Saibíneach de ruathar. Phioc seanadóirí cuid acu roimhe sin agus fuadaíodh cuid acu ar an láthair. Agus iad ag imeacht, bhí na tuismitheoirí buartha faoina gcuid iníonacha a fuadaíodh.

**Trí phointe. (12,12,11) (35 marc)**

(b) Mhínigh Romalas do na mná gurb é an t-aon fháth amháin ar gabhadh iad ná gur dhiúltaigh a dtuismitheoirí go míréasúnta dá dtairiscintí pósta. Chuir sé ar a suaimhneas iad go dtabharfaí grá breise dóibh agus go mbeadh meas breise orthu toisc gur ghabh na fir iad le teasghrá. Chuir sé ina luí orthu freisin go mbeadh rún daingean ag a bhfir chéile béal bán a thabhairt dóibh mar chúiteamh ar na bailte agus na teaghlaigh a chaill siad.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

## Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.

(i) (a) An Erechtheion **(5)** ar an Acrapolas Aithneach. **(5)** **(10 marc)**

(b) An tOrd Iónach **(10 marc)**

(c) Teampall ar leith é seo siocair gur foirgneamh dhá leibhéal é. Tá trí bhosca i gceist leis in áit ceann amháin, go bunúsach. Tá teampall láir ann ina bhfuil *naos* agus *pronaos* agus dhá phóirse ar leibhéil dhifriúla; an póirse theas ina gcoinníonn na cairiaitidí an díon suas agus an póirse thuaidh atá i bhfad níos airde. Is iomaí scrín ann: do Erechtheus, rí na sean-Aithne; tuama Kekrops; an dealbh ársa adhmad olóige d'Aitéiné; an fuarán sáile a bhuail trírinn Phoiséadóin. Tá fríos de mharmar liath ó Eileoisis ann mar aon le fíoracha marmair as Sliabh Pentelicus. Tá sonraí áille dealbhóireachta le feiceáil. Insíonn inscríbhinn uathúil dúinn gur íocadh drachma amháin leis an lucht oibre uile in aghaidh an lae as tógáil an déantúis. **Dhá phointe. (15, 15)** **(30 marc)**

(ii) (a) Steil **(10 marc)**

(b) Marcóir uaighe **(10 marc)**

(c) Sfioncs **(10 marc)**

(d) Baineann sé leis an Meánré Ársa. Timpeall 580-535 R.Ch. Baineann roinnt sainghnéithe leis an tréimhse seo. I dtús báire, is cinnte go bhfuil an dá fhíor ar an steil ársa. Tá a ngruaig agus a n-aghaidheanna an-stílithe mar aon lena ngothaí. Tá a ngruaig snoite i sraitheanna néata eagraithe i bpatrún slachtmhar agus tá an aoibh ársa le feiceáil. Tá píosa fianaise ar bhreathnóireacht na réaltachta freisin; tá snoíodóireacht ghualainn an fhir óig agus a chuid éadaí sách réalaíoch mar aon lena lámh. Tá mothú cinnte doimhneachta/peirspictíochta/3T le sonrú sna fíoracha. Tá an sfioncs ag cromadh in áit a bheith ina shuí go cothrom mar a fheictear i luath-dhealbha ársa. Tá stíl na steile – sách ard agus an *palmette* agus cuairscí ar barr – ina sainghné den tréimhse seo fosta.
**Dhá chúis. (10, 10)** **(20 marc)**

(iii) (a) Is Lapith **(5)** agus Ceinteár **(5)** iad na fíoracha. **(10 marc)**

(b) Bhíodh na meatóip suite ar an bhfríos Dórach ar an taobh amuigh den fhoirgneamh, idir na triglifí. **(10 marc)**

(c) Féidias **(10 marc)**

(d) Tá an fhíor den Lapith ag léim i dtreo an Cheinteáir, a ghlúin chun tosaigh, san aer beagnach. Tá a ghéag dheas sínte amach, ag fáil greama ar an gCeinteár. Tá cosa cúil an Cheinteáir cóir a bheith tite chun talún agus tá a chorp casta, é ag iarraidh éalú agus tarraingt siar. Tá an tseithe casta timpeall a ghéige, rud a chuireann gluaiseacht fhoréigneach in iúl. Tá matáin an dá fhíor an-sonrach agus an-teann, rud a thugann an-teannas agus an-drámaíocht le tuiscint. Leagann gluaiseacht an chába taobh thiar béim air sin.
**Dhá phointe. (10, 10)** **(20 marc)**

(iv) (a) Is é seo an carbadóir. **(10 marc)**

(b) Bhíodh sí suite i nDeilfe. **(10 marc)**

(c) Rinneadh í as cré-umha. **(5 mharc)**

(d) Baineann sí le tréimhse na Luathré Clasaicí. Timpeall 480-450 R.Ch. **(10 marc)**

(e) Ar dtús, tosaíonn an úsáid as múnlú cré-umha thart faoin tréimhse seo. Mar sin de, is gné thipiciúil amháin é sin. Níl sí ársa toisc go bhfuil an aghaidh an-réalaíoch agus níl an seasamh siméadrach, cé go bhfuil sé socair. Tá an léiriú dian tipiciúil den tréimhse seo agus tá rindreáil álainn na héadaitheoireachta, í simplí agus nádúrtha, tipiciúil freisin, go háirithe na mionghnéithe ag na guaillí. Níl snoíodóireacht réalaíoch na lámh agus na gcos chomh hársa sin ach oiread.

**Pointe forbartha amháin. (15 mharc)**

## Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.

(i) (a) Tá an captaen mara ard agus láidir, ach tá sé giota beag bodhar agus gearr-radharcach. Déanann an criú nach bhfuil cumas mairnéalachta ar bith acu iarracht i gcónaí an stiúir a bhaint dó agus seasann siad timpeall air. Níl fonn ar bith orthu foghlaim faoi chumas mairnéalachta ach oiread. Deir siad nach féidir é a theagasc. Troideann siad lena chéile, maraíonn siad a chéile agus déanann siad drugaí nó deoch a thathant ar an gcaptaen; déanann siad turas mara pléisiúir den iomramh. Tá meas acu ar an duine atá in ann an captaen a smachtú agus síleann siad gurb eisean an duine is fearr le dul ar an stiúir. Ní thuigeann siad go gcaithfear staidéar a dhéanamh ar an loingseoireacht ar feadh tamall fada. Measann siad gur aislingeach é an té a dhéanann staidéar uirthi agus ní thuigeann siad gurb é an t-aon duine atá in ann an long a stiúradh ná an duine a dhéanann staidéar ar an aimsir, ar an tíreolaíocht, ar na taoidí, etc. **Cuntas comhleanúnach. (10, 10, 10) (30 marc)**

(b) Ba mhaith le Platón go bhfoghlaimeoimis ón bhfáthscéal seo go bhfuil an long stáit luachmhar agus gur cheart go mbeadh an duine ceart á stiúradh. Níl eolas dá laghad ag an drong faoina bhfuil i gceist le stiúradh na loinge agus tá locht ar a mbreithiúnas ar an duine ar cheart dó a bheith á stiúradh, dar leo. Níl go leor eolais ag gnáthdhaoine faoi chúrsaí stáit lena fheiceáil cad is gá a dhéanamh. Is ionann an captaen agus na gnáthdhaoine agus is ionann an lucht scriosta agus na polaiteoirí. **Dhá phointe. (10, 10) (20 marc)**

(ii) (a) Ar an gcéad dul síos, creideann Platón gur cuid riachtanach den saol é an ceol seachas rud sa bhreis. Tuigtear go n-imríonn ceol tionchar fíorláidir ar dhuine, idir mhachnamh agus ghníomh, agus gurb é sin an fáth a bhfuil an oiread sin tábhachta ag baint leis. Is é an rud is mó is cás leis an cineál ceoil lena n-éisteann na Gardaí. Baineann sé de thátal as sin go bhfuil dlúthcheangal idir ár n-iompraíocht agus an tionchar a imríonn cineálacha áirithe ceoil orainn. Imríonn cineálacha áirithe ceoil dea-thionchar orainn, mar shampla amhráin mháirseála do shaighdiúirí faoi mar atá ag na Dóraigh agus na Frigiaigh. Is iad na móid amháin is inghlactha an mód Dórach agus an mód Frigiach – ceann acu dian, an ceann eile taitneamhach. Tabharfaidh an chéad mhód (an ceann dian) léiriú cuí ar ghlór agus ar bhlas cainte an fhir chróga atá i mbun seirbhís mhíleata nó atá ag tabhairt faoi ghaisce contúirteach éigin eile ina bhfuil sé i mbaol díobhála, báis nó aon mhí-áidh eile lena ngabhann an tseasmhacht bhuanseasmhach chéanna. Tabharfaidh an dara mód (an ceann taitneamhach) léiriú air in aimsir na síochána agus é i mbun gnáthchúraimí an tsaoil dá dheoin féin – é ag cur ina luí ar dhuine éigin iarratas a cheadú, ag guí chun dé, ag cáineadh comharsan, ag géilleadh do dhaoine eile maidir lena n-iarratais agus a dtreoracha agus an méid a chuireann siad ina luí airsean. Trí na rudaí sin ar fad ní bheidh aon chonsaeit air, ach beidh measarthacht agus ciall aige agus toil leis glacadh lena bhfuil i ndán dó. Is éard a chuireann an dá mhód in iúl an misneach agus an mheasarthacht in aimsir an áidh agus an mhí-áidh. Ní bheidh gá ach le lir agus ciotára, uirlisí Apalló. Ní mór an méadar agus an tiúin a chur in oiriúint do na focail, seachas an bealach eile timpeall. Admhaíonn Sócraitéas, áfach, nach féidir leis a rá céard iad na rithimí a oireann do shlí mhaireachtála áirithe agus na

cinn nach n-oireann. Níl dabht ar bith ar Shócraitéas, áfach, gurb í an áilleacht toradh na dea-rithime. Dea-rithim a bhíonn de thoradh ar dhea-cheol a oireann don dea-fhilíocht; a mhalairt atá i gceist le drochrithim. Mar chlabhsúr, is iad na focail a chaithfidh mód agus rithim an cheoil a shocrú, seachas an bealach eile timpeall.

**Dhá phointe fhorbartha. (13,12) (25 marc)**

(b) Ar an gcéad dul síos, caithfidh an mód agus an rithim a bheith in oiriúint do na focail. Mar sin de, ní mór tuirimh agus caointe sa mhód Lidiach Measctha agus sa mhód Fíor-Lidiach a dhiúltú agus níor cheart go mbainfeadh mná measúla, gan trácht ar fhir, úsáid astu. Ar an dara dul síos, toisc nach mbeadh sé sásúil in aon chor Gardaí a bheith bog, díomhaoin ná ar meisce, caithfear cúl a thabhairt leis na móid shuaimhneacha Lidiacha a úsáidtear in amhráin óil, mar níl aon leas le baint astu agus saighdiúirí á n-oiliúint.

**Dhá phointe fhorbartha. (13,12) (25 marc)**

(iii) Féadfaidh na hiarrthóirí a bheith i bhfabhar nó i gcoinne an stáit. Is é an rud is tábhachtaí go bhfreagraíonn siad an cheist go pearsanta agus aird ar smaointe Phlatóin. Tá siad seo a leanas i measc na bpointí a d'fhéadfaí a dhéanamh:I stát Phlatóin, tá tús áite ag leas an phobail uile ar shaoirse an duine aonair. Níl caill ar bith air sin go teoiriciúil ach is beag saoirse aonair a bheadh ann. Luaitear an saoránach le haicme áirithe agus ní féidir athrú as sin. Dá bhrí sin, níl aon soghluaisteacht shóisialta ann. Níl a leithéid de rud i gceist agus saol teaghlaigh, rud a bhfuil an-tóir ar i sochaí dhaonlathach. Déantar cinsireacht ghéar agus níl aon saoirse cainte mar sin. Níl páirt ar bith ag an saoránach i roghnú na gceannairí ná in aon socruithe móra a mbíonn tionchar acu ar an saol sin acusan. I gcás na nGardaí, is saol crua é mar go mbíonn blianta fada staidéir le déanamh gan aon ní dá bharr ach nós maireachtála ríghortach agus blianta eile le caitheamh ina dhiaidh sin ag treorú an stáit. Mar sin de, má áitíonn an t-iarrthóir go sásúil nach bhfuil leas an duine aonair chomh tábhachtach le leas na sochaí iomláine, tá sé sin go breá. Dá mba rud é go bhféadfaí stát idéalach Phlatóin a thabhairt i gcrích, ba stát é ina mbeadh comhionannas ar go leor bealaí idir an fear agus an bhean agus ina mbeadh gach saoránach ag déanamh na hoibre a oireann dó. Ní bheadh aon achrann inmheánach le sonrú agus thabharfaí tús áite do leas an stáit i gcónaí. B'fhéidir go bhfeicfeadh na hiarrthóirí maithe na cosúlachtaí anseo le hidéal na gcumannaithe.

**Gabháil: 20. Forbairt: 20. Meastóireacht Ghinearálta: 10. (50 marc)**

(iv) (a) Tá siad seo a leanas ar na rialacha a leagtar síos faoi nós maireachtála na nGardaí: ba chóir go mbeidís éirimiúil agus cumasach agus ba chóir go gcoinneofaí súil ghéar orthu ionas nach bhféadfaí a áitiú orthu choíche stopadh de na gníomhartha a dhéanann siad ar mhaithe le leas an phobail; nuair a bhíonn siad ina bpáistí, ba chóir go bhfeicfidís cogadh ionas go mbeidís in ann dul i dtaithí air; ní mór iad a thástáil go rialta agus iad a chur i gcásanna ina dtiocfadh le heagla nó brú tionchar a imirt orthu. Is iad na príomhghnéithe dá ngnáthshaol an tsimplíocht dhian gan réadmhaoin phríobháideach, só ná príobháideachas nó gan aon saol teaghlaigh ar chor ar bith. Ba chóir dóibh síolrú, ach ar bhealach a n-eagraíonn an stát; bhainfí na páistí díobh agus thógfadh an stát iad agus ní bheadh a fhios ag na páistí cé hiad a dtuismitheoirí. Tá sé den tuairim gur cheart go gcuirfí an t-oideachas céanna ar na gardaí, idir fhir agus mhná. **Trí riail mínithe. (14, 13, 13) (40 marc)**

(b) Is é an pointe a dhéantar anseo gur cheart go gcuirfí oiliúint ar na Gardaí ó aois an pháiste agus gur cheart go mbeidís dílis don stát amháin. Gan rian ar bith de shaol teaghlaigh, ní bheadh ceangal ar bith orthu ach leis an gcathair. Mar sin de, bheidís dílis don stát feadh a saoil gan a bheith dílis d'aon rud eile. Ar an gcaoi seo, ní bheidís dílis d'aon ní ach amháin an stát agus ní bheadh aon dílseacht teaghlaigh i gceist. Ina theannta sin, bheidís go hiomlán dírithe ar a dtasc de bharr na ndianrialacha srianta maireachtála sin a chuireann cosc ar ábhair sheachráin. **Pointe forbartha amháin. (10 marc)**

## Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.

(i) (a) Is é an foirgneamh an Colasaem (nó Amfaitéatar de shliocht Flavius) sa Róimh.**(10 marc)**

(b) Tá cruth mór ubhchruthach ar an déanmhas. Tá ceithre urlár ann. Tá na taobhanna fánánacha ina luí ar bhoghtaí. Tá stuanna mórthimpeall ar na trí urlár ar bun. Tá leathcholúin Dhóracha idir na stuanna ar an urlár íochtair. Tá leathcholúin Iónacha ar an dara hurlár agus tá leathcholúin Chorantacha ar an tríú hurlár. Tá sraith de philéir bhalla ar an urlár uachtair. Tá coirnis mhaisiúil timpeall an bhairr óna bhféadfaí scáthbhrat a chrochadh chun foscadh a thabhairt don lucht féachana. **Dhá ghné. (8, 7) (15 mharc)**

(c) I measc na n-imeachtaí a bhíodh ar siúl ann bhí seónna ainmhithe, seilg beithíoch, gliaireacht, trialacha agus gearradh pionóis ar choirpigh agus cathanna cabhlaigh anois agus arís.

**Dhá chineál siamsaíochta. (8, 7) (15 mharc)**

(d) Gaisce mór san innealtóireacht atá ann, mar gheall ar a mhéid go pointe áirithe. Bhí idir 45,000 agus 50,000 duine in ann dul isteach ann agus, mar sin de, b'éacht millteanach mór é. Cruthaíodh leitir shaorga ann le mórán boghtaí. Dearadh é ar bhealach an-chliste leis an slua ba mhó agus ab fhéidir a fhónamh agus le haghaidh áisiúlacht bhealach isteach agus bhealach amach an tslua sin. Coinníodh ainmhithe fiáine faoin talamh i mboghtaí ilchasta roimh na seónna.

**Cúis amháin. (10 marc)**

(ii) (a) Is é seo an tImpire Commodus. **(10 marc)**

(b) Is eol dúinn go bhfuil sé á léiriú mar Earcail de bharr an chraicinn leoin atá ar a cheann agus ar a ghuaillí agus siocair go bhfuil cleith á hiompar aige agus go bhfuil úlla órga ina lámh aige. **Dhá phointe. (8, 7) (15 marc)**

(c) Tá cuma mhín bhaineann ar Commodus, tá a ghruaig agus a fhéasóg cíortha róchúramach agus tá a lámha maisithe. In éineacht le saintréithe an oll-laoich Earcail, is é an sprioc dá bhfuil ann a thaispeáint cé chomh leitheadach agus chomh mórchúiseach agus atá sé. Tá cuma an-mhustrach agus an-phostúil air.

**Pointe forbartha amháin. (15 marc)**

(d) Dealbh an-tipiciúil Rómhánach í seo. Ar an gcéad dul síos, bhí an dealbh bhrád, an ceann agus na guaillí an-choitianta sa phortráid Rómhánach. Ar an dara dul síos, tá an mionchruinneas, an ghruaig agus an fhéasóg ilchasta arna ndruileáil go fíordhomhain agus uigeacht réalaíoch chraiceann an leoin ina ngnéithe an-Rómhánach. Tá sé an-Rómhánach freisin an dóigh a nochtann an dealbh pearsantacht an ábhair go géar.

**Pointe forbartha amháin. (15 marc)**

(iii) (a) Colún Thráian atá ann. **(10 marc)**

(b) Tá bua an Impire Tráian in éadan na nDáiciach (Rómánaigh) in 107AD á chomóradh leis an gcolún. **(10 marc)**

(c) Déanfaidh aon cheann de na blúirí a leanas an gnó: éidí; armra; sciatha; meirgí; eagair chatha; trealamh léigir; clogaid; próisis tógála; sonraí faoi champaí agus faoi dhúnta; éidí/armra/cathéide na nDáiciach;

**Blúire amháin eolais. (10 marc)**

(d) Is séadchomhartha suntasach é seo. Tá sé 100 troigh ar airde agus tá 215 méadar de dhealbhóireacht rilífe leanúnach i mbandaí a dhéanann bís ón mbun aníos. Tá sé torrach le

fíoracha agus tá cuid mhór eolais air faoi arm na Róimhe in aimsir Thráian. Bheadh dathanna air a chéaduair. Feicimid stair na gcogaí Dáiciacha. Leanaimid Tráian – is eisean an fhíor is suntasaí i gcónaí, beannaíonn sé a chuid trúpaí, tugann sé iad chun catha, iarrann sé orthu dún a thógáil, agus araile. Cé nach bhfuil an dearcadh go hiomlán réalaíoch, mothaítear go bhfuil cuntas soiléir ar na himeachtaí á thabhairt – go bhfuil scéal ollmhór á insint ina bhfuil a lán fíoracha bíogúla gníomhacha agus cuid mhór éagsúlachta agus ábhar spéise.

**Dhá phointe. (10, 10) (20 marc)**

(iv) (a) Ba í Livia bean chéile Ágastas, céadimpire na Róimhe. **(10 marc)**

(b) Péintéireacht álainn í seo de ghairdín samhailteach. Is iomaí imir shéimh inti den ghlas agus den ghorm mar aon le gealáin bhánbhuí, bhána agus oráiste i gcoinne spéir ghorm. Taispeántar coillearnach shéimh inti agus sconsa íseal. Tá duillí ilchineálacha ar na crainn agus ar na toir, tá cuid acu clúmhach, is iomaí toradh agus bláth atá le feiceáil chomh maith le raon éagsúil éan i measc an duilliúir. Níl sí go hiomlán réalaíoch ach tá sí go hálainn agus tá sí suaimhneach. Tá cuma úr "dhrúchtmhar" ar gach rud inti.

**Cur síos comhleanúnach. (10, 10, 10) (30 marc)**

(c) Ba ghnách go mbíodh péintéireacht dá leithéid seo suite i seomra gairdín de chuid teach Rómhánach, seachmall radhairc le go mbeadh cuma níos mó ar an ngairdín. Bhídís le fáil i seomraí bia nó feadh pasáistí freisin. **Pointe amháin. (10 marc)**

Aguisín 1. An Ardteistiméireacht: Léann Clasaiceach – Ghnáthleibhéal
Critéir don mheasúnú ar fhreagraí ar cheisteanna dioscúrsacha domhanda 30 / 35 / 40 / 50 marc Ualú Marcanna

| | | | |
|---|---|---|---|
| Gabháil | Gabháil don cheist | e.g. Tuiscint ar an gceist, Béim/aghaidh a thabhairt ar an gceist, Aidhm shoiléir, Cáilíocht na smaointe, Ábharthacht an ábhair | 40% |
| Forbairt | A mhéid a fhorbraítear smaointe | e.g. Doimhneacht na cóireála, Anailís ar na smaointe, Rogha na dtagairtí, Úsáid an ábhair thacaíochta/léiriúcháin, Ionramháil an ábhair, Cruinneas | 40% |
| Meastóireacht Ghinearálta | Cáilíocht fhoriomlán an fhreagra | e.g. Leanúnachas an phlé, Struchtúr na hargóinte, Láidreacht na smaointe, Áititheacht fhoriomlán, Áititheach, Saothar cothaithe, Cuimsitheacht an fhreagra | 20% |

Marcanna atá le taispeáint ar an bpáipéar
G-
F-
MG-
Iomlán-

Leathanach Bán